# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2016

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

## Gearmáinis

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Agus an scéim mharcála á léamh is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:**

- Maidir le gach roinn den scrúdú, níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagra ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le nathanna cainte, frásaí agus focail a bhfuil a gciall cosúil leo siúd atá ar an scéim mharcála fhoilsithe chomh maith.

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain.

- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

- Léiríonn **tulslais** / roimh fhreagra go bhfuil an freagra comhchiallach leis an gceann a tháinig roimhe nó gur freagra malartach é. Ní féidir glacadh le freagraí le tulslais eatarthu mar fhreagraí éagsúla, mar sin.

- Léiríonn **lúibíní cruinne** ( ) ábhar nach meastar a bheith riachtanach chun marcanna iomlána a bhaint amach.

- Tá eolas **<u>a bhfuil líne faoi</u>** riachtanach chun an marc iomlán a bhaint amach.

- Ba cheart freagraí cealaithe a chur san áireamh sa chás nár tugadh aon fhreagra eile. I gcás go bhfreagraíonn iarrthóir ceist níos mó ná uair amháin, glac leis an gcéad fhreagra agus sin amháin. I gcás ina bhfuil freagraí i dteanga seachas an teanga a sonraíodh: bronn leathmharcanna.

**Socruithe Réasúnta**

Ina gcás siúd dar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach, ní ghearrtar pionós as earráidí sa litriú ná i ngnéithe áirithe den ghramadach. Agus obair na n-iarrthóirí seo á meas cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm mar atá leagtha amach ar leathanach 17 den scéim mharcála.

**TRIAIL CHLUASTUISCEANA: (100 marc: 24, 21, 17, 38)**
**Cuid a hAon: Gespräch mit Sven Asendorf (24 marc: 10, 6, 6, 2)**
**Sa chás go mbíonn na freagraí go léir i nGearmáinis: Bronn leathmharcanna.**

**1. (10 marc: (i) 6 mharc: 4, 2; (ii) 4 mharc)**
**(i)** *Is deontóir fola é Sven Asendorf le mórán blianta. Cad a deir sé faoi féin?*

**DHÁ shonra ar bith: 6 mharc: 4, 2**
(a) Ní bhreathnaíonn sé air féin mar a bheadh laoch ann/gnáthdhuine atá ann.
(b) Tá sé 54 bliana d'aois.
(c) Tá cónaí air gar do München (Munich).
(d) Tá sé pósta.
(e) Tá beirt iníonacha aige. **N.B. : Tá beirt pháistí aige = gan ach 1 mharc**
(f) Oibríonn sé i monarcha

**(ii)** *Cé mhéad uair a bhfuil fuil tugtha aige?*

- 200 **(4)**

**2. (6 mharc: (i) 2 mharc; (ii) 4 mharc)**
**(i)** *Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach fuil a thabhairt, dar leis? Tabhair sonraí.*

**Ceann AMHÁIN de na sonraí seo a leanas: 2 mharc**
(a) Bíonn beatha daoine áirithe ag brath uirthi/ sábhálann sí beatha daoine.
(b) Bíonn fuil ag teastáil do dhaoine ar tharla timpistí dóibh.
(c) Bíonn daoine breoite ag brath uirthi/bíonn fuil uathu/cabhrú le daoine breoite.
(d) Bíonn fuil ag teastáil ó dhaoine go bhfuil fadhbanna fola/ainéime/easnamh fola acu.
(e) Bíonn fuil ag teastáil le haghaidh cóireáil ailse/othar.
(f) Teastaíonn fuil ó dhuine as gach triúr (ag am éigin).

**(ii)** *Cén céatadán de mhuintir na Baváire a thugann fuil?*

- 8 (%) **(4)**

**3. (6 mharc: 4, 2)**
*Cén chomhairle a chuireann sé orthu siúd a d'fhéadfadh fuil a thabhairt? Tabhair sonraí.*

**DHÁ shonra ar bith: 6 mharc: 4, 2**
(a) Ní féidir le haon duine atá breoite fuil a thabhairt. // ní mór dó bheith folláin
(b) Gan obráid (le déanaí)
(c) Gan vacsaín (le déanaí).
(d) Ní féidir le haon duine a thaistil go dtí tíortha ar leith fuil a thabhairt.
(e) Ith (roimh an deonú/ina dhiaidh).
(f) Ól uisce (roimh an deonú/ina dhiaidh).
(g) Tógann sé uair an chloig san iomlán.
(h) Tógann an deonú fola 10 nóiméad.
(i) Ní mór don duine a scíth a ligean.
(j) Níor cheart don duine aclaíocht/spórt a dhéanamh ar lá an deonaithe fola.

**4.** **(2 mharc)**
*Cad a deir sé faoi Felix Brunner? Tabhair sonraí.*

**Ceann AMHÁIN de na sonraí seo a leanas: 2 mharc**
(a) Tá sé 26 bliana d'aois.
(b) D'inis sé don lucht deonaithe fola faoina shaol faoi láthair.
(c) Tharla timpiste dó.
(d) Fuair sé 800 fuilaistriú.
(e) Is easlán é/tá sé i gcathaoir rothaí.
(f) Is fear spóirt é.
(g) Tá sé ina ambasadóir ag an tseirbhís fuilaistriúcháin.
(h) Tá sé buíoch as na fuilaistriúcháin a fuair sé.

**Cuid a Dó: Glao Gutháin** **(21 mharc: 8, 3, 7, 3)**
**Sa chás go mbíonn na freagraí go léir i nGearmáinis: Bronn leathmharcanna.**

**1.** **(8 marc: 4, 4 mharc)**
*Tugann an duine atá ag glaoch tuairisc ar eachtra. Tabhair sonraí.*

**DHÁ shonra ar bith: 8 marc: 4, 4**
(a) Thug daltaí Schnapps/alcól leo i mbuidéil líomanáide
(b) Bhí na daltaí ar meisce/ag ól (alcóil)
(c) (Le linn) turas scoile/ar an mbus
(d) D'airigh siad an-tinn
(e) Ní raibh siad in ann seasamh suas.
(f) Ní raibh siad in ann labhairt.
(g) Glaodh ar otharcharr.
(h) Tugadh go dtí an ospidéal iad.
(i) Tá gach rud i gceart/faoi smacht/ tá deireadh leis an ruaille buaille.

**2.** **(3 mharc)**
*Cad a rinne seisean agus a chomhghleacaí chun an fhadhb a réiteach? Tabhair sonraí.*

**Ceann AMHÁIN de na sonraí seo a leanas: 3 mharc**
(a) Ghlaoigh siad ar otharcharr / rinne siad socrú chun iad a thabhairt chuig an ospidéal
(b) Ghlaoigh siad ar na tuismitheoirí.

**3.** **(7 marc: 4 mharc; 3 mharc)**
*Cad is **ainm** don duine atá ag glaoch agus cén **uimhir ghutháin** atá aige?*

**Bain 1 mharc as gach litir atá mícheart/ar iarraidh:**
**Ainm:** SCHUMANN **(4)**

**Iomlán nó faic:**
**Uimhir ghutháin:** 18 47 294 **(3)**

**4.** **(3 mharc)**
*Tá sé ag glaoch:*

*(d)* Ar rúnaí scoile **(3)**

**Cuid a Trí: Comhrá** **(17 mharc: 4, 2, 8, 3)**
**Sa chás go mbíonn na freagraí go léir i nGearmáinis: Bronn leathmharcanna.**

**1.** **(4 mharc)**
*Insíonn Alfred do Wilma faoin nglao gutháin a fuair sé óna mac Felix. Cad a bhí i gceist sa ghlao? Tabhair sonraí.*

**Ceann AMHÁIN de na sonraí seo a leanas: 4 mharc**
(a) Cuireadh moill ar Felix/tá sé déanach/tá sé tar éis ama.
(b) Tá Felix sáinnithe sa trácht/ar an mótarbhealach.
(c) Bhí timpiste ann (ar an mótarbhealach). **N.B. Tharla timpiste dó = 0 marc**
(d) Ní féidir leis na bláthanna/crobhaing na bainise a bhailiú.

**2.** (**2 mharc)**
*Cén fhadhb a éiríonn as sin don bhainis?*

**Ceann AMHÁIN de na sonraí seo a leanas: 2 mharc**
(a) Ní féidir leo maisiú/ullmhú na heaglaise a chur i gcrích.
(b) Ní bheidh bláthanna acu.
(c) Tá na haíonna ar a mbealach/beidh siad ag teacht sula i bhfad.
(d) Tá sé 12 (meán lae), agus tosóidh an bhainis ar 2 a chlog.

**N.B.:Muna bhfuil ach am amháin luaite = gan ach marc amháin**

**3.** **(8 marc: (i) 4 mharc, (ii) 4 mharc)**
**(i)** *Cén réiteach a mholann Wilma?*
**Ceann AMHÁIN de na sonraí seo a leanas: 4 mharc**

(a) Glaoch ar thacsaí/tacsaí a fháil
(b) <u>Dul</u> chuig an mbláthadóir/na bláthanna <u>a bhailiú</u>.

**(ii)** *Céard atá déanta ag Alfred ina áit sin?*
**Ceann AMHÁIN de na sonraí seo a leanas: 4 mharc**

(a) Ghlaoigh sé ar an mbláthadóir/D'iarr sé ar an mbláthadóir
(b) Na bláthanna a sheachadadh.

**4.** **(3 mharc)**
*Cá dtarlaíonn an comhrá seo?*

*(a)* In eaglais **(3)**

**Cuid a Ceathair: Nuacht** **(38 marc: 10, 13, 7, 8)**
**Sa chás go mbíonn na freagraí go léir i nGearmáinis: Bronn leathmharcanna.**

**1.** **(10 marc: (i) 6 mharc: 4, 2 mharc; (ii) 4 mharc)**
**(i)** *Cad iad na modhanna iompair ar chuir an stailc as dóibh?*

**DHÁ shonra ar bith: 6 mharc: 4, 2**
(a) An t-iarnród/an traein/na traenacha
(b) S-Bahn/traenacha comaitéireachta
(c) U-Bahn/iarnród faoi thalamh

**(ii)** *Cé chomh fada is atá sé i gceist an stailc a bheith ar siúl?*
**4 mharc: 2, 2**

2 **(2)** lá. **(2)**

**N.B.: Dé Máirt: Gan ach 2 mharc**

**2.** **(13 mharc: (i) 4 mharc; (ii) 9 marc: 4, 4, 1 mharc**
**(i)** *Cén céatadán de na daoine óga san AE a ólann deochanna fuinnimh go rialta?*

70% **(4)**

**(ii)** *Cén fáth ar mian le* Foodwatch *cosc a chur ar dheochanna fuinnimh? Tabhair sonraí.*

**TRÍ shonra ar bith: 9 marc: 4, 4, 1**
(a) Tá caiféin iontu.
(b) Tá siúcra iontu.
(c) D'fhéadfadh fadhbanna croí teacht ar dhuine dá mbarr.
(d) D'fhéadfadh diaibéiteas teacht ar dhuine dá mbarr.
(e) D'fhéadfaidís a bheith ina gcúis le hotracht/fadhbanna meáchain.

**3.** **(7 mharc: (i) 3 mharc; (ii) 4 mharc: 3, 1)**
**(i)** *Cén fáth a mbíonn gníomhaithe san Eilvéis ar son chearta na n-ainmhithe ag argóint i gcoinne cloigíní bó a úsáid? Tabhair sonra **amháin**.*

Tá an iomarca torainn ag na cloigíní/tá siad cruálach/míthrócaireach. **(3)**

**(ii)** *Cad iad na buntáistí a bhaineann le cloigíní bó, dar leis na feirmeoirí? Tabhair **dhá** shonra.*
**DHÁ shonra: 4 mharc: 3, 1**
(a) Cuidíonn na cloigíní chun na beithígh a choinneáil le chéile.
(b) Cuidíonn siad chun teacht ar na beithígh.

**4.** **(8 mharc: 4, 4)**
*Cad atá i réamhaisnéis na haimsire do na laethanta atá le teacht? Tabhair sonraí.*

**DHÁ shonra ar bith: 8 mharc: 4, 4**
(a) Tá deireadh ag teacht leis an aimsir bhreá.
(b) Báisteach/ceathanna
(c) 15 chéim
(d) Brú íseal
(e) Scamallach
(f) Gaoth (aniar aduaidh)

**TEXT I: LESEVERSTÄNDNIS: (60 marc)** **(16, 23, 16, 5)**
**Sa chás go mbíonn na freagraí go léir i nGearmáinis: bronn leathmharcanna sa chás go dtugtar faoi ionramháil an eolais chuí.** Teastaíonn fianaise gur thuig iarrthóirí an téacs.

1. **(16 mharc: (a) 8; (b) 8)**

**(a) 8 marc: 3, 2, 2, 1**

**(a)** *Tosaíonn an téacs le cur síos a dhéanann Maik, an scéalaí, air féin. Tabhair sonraí.* *(na línte 1 – 15)*

**(CEITHRE cinn ar bith de na sonraí seo a leanas: 8 marc: 3, 2, 2, 1)**

1. Klingenberg is sloinne/ainm dó/ Ní *Maiki*/*Klingi* a ainm
2. Níl leasainm air.
3. Is leadránaí é/ deir sé féin gur leadránaí é.
4. Níl aon chairde aige.
5. Tá sé i rang 8.
6. Freastalaíonn sé ar mheánscoil/ *Gymnasium*. *(téann sé go dtí an giomnáisiam = 0)*
7. Tá sé go maith ag an matamaitic.
8. Tá sé go maith ag an spóirt.
9. Tá curiarracht na léime airde aige.
10. Níl sé go maith chun aithne a chur ar dhaoine/bualadh le daoine.
11. Níor mheas sé gur fhadhb a bhí ann.

**(b) 8 marc: 3, 2, 2, 1**

*Cad a fhoghlaimíonn an léitheoir faoi Tatjana? Tabhair sonraí.* *(na línte 16 – 28)*

**(CEITHRE cinn ar bith de na sonraí seo a leanas: 8 marc: 3, 2, 2, 1)**

1. Tá sí i rang an tráchtaire/i rang Maik.
2. Níl mórán eolais aige fúithi.
3. Tá sí go maith ag an mBéarla.
4. Tá sí chomh hard leis an tráchtaire/leis féin/le Maik.
5. Tá gruaig fhada/gruaig fhionn dhorcha uirthi.
6. Tá sí ceithre bliana déag d'aois.
7. Is é Cosic an sloinne atá uirthi.
8. Is as an tSeirbia nó as an gCróit an sloinne (Cosic).
9. Is as an áit sin a tuismitheoirí/as an tSeirbia nó as an gCróit.
10. Tá a fhios ag Maik cá bhfuil cónaí uirthi/ cén seoladh atá aici.
11. Tá cuma aoibhinn uirthi./ Tá sí an-dathúil.
12. Tá glór álainn aici./ Tá glór iontach aici.
13. Níl aon suim aici i Maik./ Ní miste le Tatjana ann nó as do Maik.

**2. (23 marc (a) 6; (b) 11; (c) 6)**

**(a) 6 mharc: 3, 3**

*Baineann díomá mór le saoire shamhraidh Maik. Tabhair sonraí. (na línte 34 – 44)*

Ní bhfuair sé cuireadh **(3)** chuig cóisir **(1)** lae breithe (**1)** Tatjana **(1)**
**N.B.: Níl sé ag dul = 1 mharc** chuig cóisir (1) lae breithe (1) Tatjana (1)

**(b) 11 mharc: (i) 6 mharc; (ii) 5 mharc**

*(i) Conas a chaitheann Maik an dara lá den tsaoire?*
*(ii) Cad a chuireann iontas air? (na línte 51 – 67)*

**(i) Conas a chaitheann Maik an dara lá den tsaoire?: 6 mharc: 3, 2, 1**
**(TRÍ cinn ar bith de na sonraí seo a leanas: 6 mharc: 3, 2, 1)**

1. Éiríonn sé/dúisíonn sé ar 7 a chlog.
2. Tá sé ina aonar.
3. Tugann/tógann sé/iompraíonn sé leis a steirió agus a dhlúthdhioscaí chuig an seomra suite.
4. Casann sé air/cuireann sé an ceol/White Stripes ar siúl/chomh hard agus is féidir/ os ard.
5. Osclaíonn sé an doras chuig an lochtán/chuig an bpaitió.
6. Tógann sé trí mhála criospaí.
7. Téann sé go dtí an linn.
8. Cuireann sé a chosa isteach san uisce.
9. Cuireann sé a spéaclaí gréine ina chuid gruaige/ ar a cheann.
10. Faigheann sé (buidéal) coke.
11. Breathnaíonn sé amach an fhuinneog.

**(ii) Cad a chuireann iontas air?: 5 mharc: 3, 2**
**(DHÁ cheann ar bith de na sonraí seo a leanas: 5 mharc: 3, 2)**

1. Tagann seancharr/gliogar/Lada/(éadrom) gorm aníos an bóthar/ i dtreo an tí/ stopann sé ag an teach.
2. Tagann Tschick amach as an gcarr.
3. Níl aon duine eile ag teacht amach as an gcarr/ Tschick a bhí ag tiomáint an chair/ Tá carr ag Tschick.
4. Tá Tschick ceithre bliana déag d'aois.

**(c) 6 mharc: 3, 3**

*(i) Cad a deir Tschick le Maik?*
*(ii) Cén plean atá aige don lá ina dhiaidh sin? (na línte 68 – 83)*

**(i) Cad a deir Tschick le Maik?**
**(Ceann AMHÁIN ar bith de na sonraí seo a leanas: 3 mharc)**

1. Deir sé leis suí isteach.
2. Fiafraíonn sé de cá háit ar cheart dó é a thiomáint.
3. Deir sé nár ghoid sé an carr./ Deir sé nach bhfuair sé an carr ach ar iasacht./ Deir sé go dtabharfaidh sé an carr ar ais ar ball.
4. Deir sé le Maik go rachaidh siad ar ag tiomáint timpeall an bhloic.

**(ii) Cén plean atá aige don lá ina dhiaidh sin? (3 mharc: 1, 1, 1)**

Cuairt **(1)** a thabhairt ar a sheanathair **(1)** in Walachei **(1)**.

**3. (16 mharc: 2 mharc in aghaidh an cheannteidil, 2 mharc as an míniúchán ceart)**

2. **Kein Interesse an Maik (2)**
   Níl aon suim aici i Maik **(2)**

3. **Eine Party ohne Maik (2)**
   Níor tugadh cuireadh do Maik chuig cóisir Tatjana/Cóisir gan Maik **(2)**

4. **Ferientag bei 30 Grad (2)**
   Tá teocht 30 céim ann le linn na laethanta saoire **(2)**

5. **Tschicks Plan (2)**
   Plean Tschick /Tá Tschick ag pleanáil cuairt a thabhairt ar a sheanathair **(2)**

**4. (5 mharc; 5 × 1 mharc)**

| | **(1)** | **(1)** | **(1)** | **(1)** | **(1)** |
|---|---|---|---|---|---|
| **1 E** | **2 F** | **3 A** | **4 B** | **5 C** | **6 D** |

**TEXT 1: ANGEWANDTE GRAMMATIK (15 mharc) (10, 5)**

**1. (10 marc: 10 × 1 mharc)**

*Comhfhocail … abair cad iad na focail a cuireadh le chéile i ngach comhfhocal (5 mharc) agus cad is brí leis na focail a bhfuil líne fúthu. (5 mharc)*

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Telefon + Buch **(1)** | eolaí teileafóin/leabhar teileafóin **(1)** |
| (ii) | Schlaf + Säcke **(1)** | mála(í) codlata **(1)** |
| (iii) | Kühl + Schrank **(1)** | cuisneoir **(1)** |
| (iv) | hell + blau **(1)** | gealghorm/gorm éadrom **(1)** |
| (v) | Straßen + Karte **(1)** | léarscáil bhóithre/léarscáil sráideanna **(1)** |

**2. (5 mharc: 5 × 1 mharc)**

(i) in **(1)**

(ii) für **(1)**

(iii) zur **(1)**

(iv) bei **(1)**

(v) mit **(1)**

**TEXT II: LESEVERSTÄNDNIS (60 marc)** **(22, 10, 6, 12, 10)**

**Sa chás go mbíonn na freagraí go léir i nGearmáinis: bronn leathmharcanna sa chás go dtugtar faoi ionramháil an eolais chuí.** Teastaíonn fianaise gur thuig iarrthóirí an téacs.

**1. (22 marc)**

| | **Cynthia (10 marc: 1, 1, 1, 2, 2, 3)** | **Mahdi (12 mharc: 1, 1, 1, 2, 2, 5)** |
|---|---|---|
| **Aois?** | 19 **(1)** | 17 **(1)** |
| **An áit arb as é/í ?** | An tSiria **(1)** | An Afganastáin **(1)** |
| **Cá bhfuil sé/sí ina c(h)ónaí faoi láthair?** | Hamburg **(1)** | Bremen **(1)** |
| **Líon deartháireacha agus deirfiúracha?** | deartháir amháin **(2)** | beirt deartháireacha **(2)** |
| **Gairm an athar?** | fear gnó **(2)** | leictreoir **(2)** |
| **Pleananna don todhchaí?** | **AON sonra ar bith: 3 mharc**<br>**1.** Teastaíonn uaithi a bheith ina dochtúir/staidéar a dhéanamh ar an Leigheas<br>**2.** A bheith ag obair (sa Ghearmáin) | **DHÁ shonra ar bith: 5 mharc: 3, 2**<br>**1.** A Ardteistiméireacht (Ardteistiméireacht na Gearmáine)/ Abitur a dhéanamh<br>**2.** Staidéar a dhéanamh (ar TF)<br>**3.** Obair a fail (in Bremen/ sa chathair)<br>**4.** Cónaí lena theaghlach<br>**5.** Tabhairt faoi shaol nua<br>**6.** Fanacht (sa Ghearmáin) |

**2. (10 marc: (a) 5; (b) 5**

**(a) 5 mharc: 3, 2**

*Cad a spreagann Cynthia tabhairt faoi ghairm phroifisiúnta sa Ghearmáin? Tabhair sonraí.*

**DHÁ cheann ar bith de na sonraí seo a leanas: 5 mharc: 3, 2**

1. Theastaigh uaithi i gcónaí/ agus í ina páiste a bheith ina dochtúir.
2. Taitníonn dúshlán léi.
3. Teastaíonn uaithi go ndéarfaidh daoine: D'éirigh go maith leat, a Cynthia!
4. Sa tSiria ní gnách go bhfaigheann mná an post atá uathu.
5. Tá rialacha ann faoin méid is féidir leis na mná agus na fir a dhéanamh sa tSiria.
6. Sa Ghearmáin tá rudaí chomh héagsúil sin ón tSiria.
7. Ní mór do bhean a bheith in ann gach uile rud a dhéanamh sa Ghearmáin.
8. Ní raibh cead ag a máthair a bheith ag obair sa tSiria.
   **N.B.: Ní raibh post ag a máthair = ach gan 1 mharc**

**(b) 5 mharc: 3, 2**

*Tá ar Cynthia rudaí nua a fhoghlaim sa Ghearmáin. Luaigh **dhá** cheann díobh.*

**DHÁ cheann ar bith de na sonraí seo a leanas: 5 mharc: 3, 2**

1. Dul chuig an mbanc.
2. Dul chuig an oifig/na hoifigí.
3. Dul chuig an malartán fostaíochta.
4. Caithfidh sí a fhoghlaim conas cúraimí a ghlacadh chuici féin/rudaí a ghlacadh as láimh/ bheith neamhspleách.

**3. (6 marc: (i) 3; (ii): 3)**

*Cad a deir Cynthia faoi chás a máthar ina tír dhúchais?*
*Cad a d'fhéadfadh athrú dá máthair sa Ghearmáin? Tabhair sonraí.*

**Tír dhúchais: 3 mharc**

**Ceann AMHÁIN ar bith de na sonraí seo a leanas: 3 mharc**

1. Ní raibh cead ag a máthair a bheith ag obair/Ní raibh a máthair in ann bheith ag obair/ Níor oibrigh a máthair.
2. D'fhan sí sa bhaile.
3. Thug sí aire do Cynthia agus dá dearthair/ aire dá cuid páistí.

**An Ghearmáin: 3 mharc**

Teastaíonn óna máthair post a fháil/ bheith ag obair. **(3)**

**4. (12 mharc: (a) 3, (b) 9)**

*(a) Theastaigh ó mháthair Mahdi go dteithfeadh an teaghlach ón Afganastáin.*
*Cad iad na cúiseanna a bhí aici?*

**DHÁ cheann ar bith de na sonraí seo a leanas: 3 mharc: 2, 1**

1. Theastaigh uaithi/ ó na tuismitheoirí go ndéanfadh sé staidéar.
2. Fuair a fear céile bás.
3. Chreid sí go mbeadh saol ní b'fhearr /deiseanna ní b'fhearr ag Mahdi agus ag a dheartháir (sa Ghearmáin).
4. Ní dheachaigh sí féin ar an scoil riamh.

*(b) Tugann Mahdi cur síos ar an teaghlach ag éalú go dtí an Ghearmáin.*
*Tabhair **ceithre** shonra.*
**CEITHRE cinn ar bith de na sonraí seo a leanas: 9 marc: 3, 3, 2, 1**

1. Chlúdaigh said achar/thaistil said/ théith said/d'éalaigh siad 3700km
2. Tríd/go dtí an Iaráin
3. I dtreo na hEorpa
4. Go dtí an Tuirc/an Bhulgáir
5. Scaradh óna chéile iad (ag an teorainn).
6. D'éirigh le Mahdi agus a dheartháir (is sine) dul tríd/ thar (an teorainn).
7. Chaith siad cúig mhí ag fanacht / lena máthair agus lena ndeartháir.
8. Ní raibh a fhios ag Mahdi agus a dheartháir/acu cá raibh a máthair agus a ndeartháir/ conas a bhí siad.

**5. (10 marc: 5 × 2)**

1. C
2. B
3. A
4. A
5. C

**TEXT II: ÄUSSERUNG ZUM THEMA (15 mharc)**
**(Ábhar = 8, Cumas scríofa = 7)**
Déantar Ábhar (C) agus Cumas Scríofa (Ex) a mharcáil i ndiaidh a chéile.

*(a) Críochnaigh cuid Mahdi den chomhrá thíos bunaithe ar an eolas a sholáthraítear.*
*(Scríobh 25 – 30 focal)*

*Sie:* *Mahdi, sag mal, wie alt bist du und woher kommst du?*

**(A2)** Mahdi: **Ich bin siebzehn Jahre alt (A1) und komme aus Afghanistan (A1).**

*Sie:* *Bist du allein hier oder mit deiner Familie?*

**(B1)** Mahdi: **Ich bin nicht allein./ Ich bin mit meiner Familie hier/ mit meiner Mutter und zwei Brüdern.**

*Sie:* *Und wie seid ihr nach Deutschland gekommen?*

**(C2)** Mahdi: ***DHÁ cheann ar bith de na sonraí seo a leanas le haghaidh C1 + C1***
**Wir sind 3.700 km geflohen./ Wir sind durch den Iran gekommen./ Wir sind Richtung Europa geflohen /Wir sind durch die Türkei und Bulgarien gekommen.**

*Sie:* *Warum denkst du, Deutschland ist das richtige Land für dich?*

**(D1)** Mahdi: ***Ceann AMHÁIN ar bith díobh seo a leanas do D1***
**Ich habe hier bessere Chancen. / Meine Eltern wollten, dass ich studiere./ Ich fühle mich/ wir fühlen uns (hier) endlich sicher. / Wir sind (hier) wieder alle zusammen./ Man kann eine Arbeit finden.**

*Sie:* *Was sind deine Pläne, Mahdi? Was wünschst du dir?*

**(E2)** Mahdi: ***DHÁ cheann ar bith díobh seo a leanas le haghaidh E1 + E1***
**Ich möchte das Abitur machen. / Ich möchte IT studieren./ Ich möchte hier/ in Bremen arbeiten. / Ich möchte mit meiner Familie zusammenbleiben. /Ich hoffe wirklich, wir können für immer hierbleiben.**

*Sie:* *Oh cool, Mahdi – ich hoffe, du schaffst das! Viel Glück!*

**NÓ**

**(b) E-Mail schreiben (25 – 30 focal)**
**(Ábhar = 8, Cumas scríofa = 7)**
Déantar Ábhar (C) agus Cumas Scríofa (Ex) a mharcáil i ndiaidh a chéile.

*Tá post saoire á lorg agat sa Ghearmáin. Ba mhaith leat cabhrú le dídeanaithe óga an Ghearmáinis a fhoghlaim. Cuir iarratas isteach sa ríomhphost agus bíodh na pointí seo a leanas san áireamh agat:*

**(A3)** *Tabhair do chuid sonraí pearsanta (ainm, aois, cad as duit)*

**Ich heiße….. (A1)**

**Ich bin…… Jahre alt. (A1)**

**Ich komme aus/ wohne in…. (A1)**

**(B1)** *Luaigh cé chomh maith is atá do chuid Gearmáinise*

**Ich spreche/ kann sehr/ ziemlich gut Deutsch. / Mein Deutsch ist sehr gut... (B1)**

**(C1)** *Abair gur mhaith leat cuidiú le dídeanaithe óga*

**Ich möchte gern jungen Flüchtlingen helfen. (C1)**

**(D2)** *Fiafraigh cathain a bheidh an tionscnamh ag tosú agus cá mbeidh sé ar siúl*

**Wann beginnt das Projekt? (D1)**

**Wo findet es statt?/ Wo soll das Projekt beginnen? Wo beginnt das Projekt? (D1)**

**(E1)** *Mínigh an t-achar ama atá agat chun obair a dhéanamh.*

**Ich kann …… Tage/ Wochen/ Monat(e)/für den Sommer arbeiten. (E1)**

**Treoirlínte i dtaobh cumas scríofa a mharcáil in *Äußerung*.**

**N.B.** Úsáid lúibíní cearnógacha chun ábhar neamhábhartha a scaradh amach [ …… ]; fág as an áireamh é agus an marc don chumas scríofa á bhreithniú.
**Earráidí:** Cuir marc dearg orthu, cuir ciorcal thart ar earráidí atá ann arís agus arís, ná gearr pionós an athuair.

Cuir **T** agus ciorcal thart air i gcás earráidí in úsáid aimsire. *Groß*- agus *Kleinschreibung*: cuir líne faoin litir atá scríofa mícheart. Cuir líne faoi earráidí eile, cuir líne dhúbailte faoi dhearmaid i bhfoircinn na mbriathra agus in ord na bhfocal. Scríobh W.O. san imeall ar chlé.

**Féach leathanach 17: úsáid an scála ar chlé (0-7) chun an marc do chumas scríofa (Ex.) a bhronnadh.**

**TEXT III: LESEVERSTÄNDNIS (40 marc)** **(10, 8, 12, 10)**

**Sa chás go mbíonn na freagraí go léir i nGearmáinis: bronn leathmharcanna sa chás go dtugtar faoi ionramháil an eolais chuí.** Teastaíonn fianaise gur <u>thuig</u> iarrthóirí an téacs.

**1. (10 mharc) (a) 6; (b) 4**

**(a)** *Cad a shocraigh Antonia Mandel a dhéanamh agus cad iad na fáthanna a bhí aici leis? (Alt. 1)*

**Cinneadh: 2 mharc**

Theastaigh uaithi imeacht ón mbaile/ an baile a fhágáil/Bhog sí amach **(2)**

**Fáthanna: DHÁ cheann ar bith de na sonraí seo a leanas 4 mharc: 2, 2**

1. Tá aithne aici ar gach uile duine/ eolas aici ar gach rud ina baile dúchais/in Mülheim
2. Níor theastaigh uaithi a bheith sa bhaile gach deireadh seachtaine.
3. Níor theastaigh uaithi a seanchairde ón meánscoil a fheiceáil.
4. Theastaigh uaithi casadh le daoine nua.

**(b)** *Conas a fhanann sí i dteagmháil lena seanchairde? Tabhair dhá shonra. (Alt 2)*

**Dhá shonra: 4 mharc: 2, 2**

1. Téann sí i dteagmháil leo ar WhatsApp/ Facebook. **(2)**
2. Cuireann siad glaonna ar a chéile/ cuireann sí glaoch orthu/ ar an teileafón. **(2)**

**2. (8 marc) (a) 4; (b) 4**

**(a) 4 mharc: 2, 2**

*Déan cur síos ar smaointe agus ar mhothúcháin Antonia faoin gcéim atá díreach tógtha aici. (Alt 3)*

**DHÁ cheann ar bith de na sonraí seo a leanas: 2, 2**

1. Ní raibh sé deacair uirthi 'Slán'/'Tschüss' a fhágáil leis an mbaile/ lena tuismitheoirí/ a baile a fhágáil. **N.B.: Ní raibh sé deacair = gan ach marc amháin**
2. Bhí brón uirthi ar an oíche dheiridh nuair a rith an smaoineamh léi: Ní bheidh cónaí orm anseo níos mó.
3. Ní bheidh sí ach ina cuairteoir (i dteach a tuismitheoirí) feasta.

**(b) 4 mharc: 2, 2**

*Conas a mhothaíonn máthair Antonia faoin gcinneadh atá déanta ag Antonia? (Alt 3)*

**DHÁ cheann ar bith de na sonraí seo a leanas: 2, 2**

1. Mothaíonn a máthair uaithi í.
2. Airíonn sí <u>fonnadóireacht</u> Antonia uaithi.
3. Airíonn sí <u>bricfeasta an Domhnaigh</u> uaithi.

**3. (12 mharc) (a) 6; (b) 6**

**(a) 6 mharc: 2, 2, 2**

*Cá bhfuil Safak ina chónaí? Luaigh fáthanna a roghnaíonn sé cónaí ansin. (Alt 4)*

**Cá háit:**

**Ceann AMHÁIN ar bith de na sonraí seo a leanas: 2 mharc**

1. Tá cónaí air in Bischofsheim.
2. Cónaíonn sé lena thuismitheoirí/ sa bhaile.

**Fáthanna:**

**DHÁ cheann ar bith de na sonraí seo a leanas: 2, 2**

1. Níl air cíos a íoc.
2. Tá sé in ann idir €300 agus €400 a choigilt/ a chur i dtaisce (gach mí).
3. Ní raibh sé réidh le gach rud a dhéanamh ina aonar (tar éis dó an Ardteistiméireacht/ Abitur a dhéanamh).
4. Níor theastaigh uaidh a bheith faoi bhrú agus é ag tosú san ollscoil.
5. Níor theastaigh uaidh seomra a lorg.
6. Níor theastaigh uaidh aistriú (go dtí áit nua).

**(b) 6 mharc: 2, 2, 2**

*Déan cur síos ar an gcaoi a bhfuil athrú tagtha ar chaidreamh Safak lena thuismitheoirí.*

*(Alt 4 agus 5)*

**TRÍ cinn ar bith de na sonraí seo a leanas: 2, 2, 2**

1. Is mó an cead cainte atá aige i gcúrsaí anois.
2. Is féidir leis a chinneadh cé a thiocfaidh ar cuairt.
3. Féadann sé a chinneadh cathain a thiocfaidh na cuairteoirí.
4. Tá na cearta céanna aige is atá ag a thuismitheoirí.
5. Tá na dualgais chéanna air is atá ar a thuismitheoirí.
6. Roinneann siad an tsiopadóireacht eatarthu / Déanann a thuismitheoirí an tsiopadóireacht mhór; déanann Safak an tsiopadóireacht bheag.

   **N.B.: Deanann sé/said siopadóireacht = gan ach marc amháin**
7. Cónaíonn siad le chéile mar 'WG'/ pobal maireachtála/ Roinneann siad gach rud eatarthu.
8. Tá saol (réasúnta) neamhspleách aige.
9. Tá meas ag a thuismitheoirí air/caitheann siad leis amhail is gur duine fásta atá ann.
10. Tugann siad spás dó (agus é ag staidéar).
11. Glacann a thuismitheoirí leis go gcodlóidh sé níos faide (tar éis dó a bheith amuigh san oíche).
12. Feiceann/tuigeann a thuismitheoirí /Glacann a thuismitheoirí leis go bhfuil sé ag iarraidh a bheith freagrach.
13. Tugann sé aire dá chúraimí féin/ dó féin.
14. Tá a chuntas bainc féin aige.
15. Níonn sé a chuid éadaí féin.
16. Bíonn sé ag cócaráil.

**4. 10 marc: 5 × 2 mharc**

1. Fíor **(2 mharc)**
2. Bréagach **(2 mharc)**
3. Bréagach **(2 mharc)**
4. Fíor **(2 mharc)**
5. Bréagach **(2 mharc)**

**Treoirlínte i dtaobh Cumas Scríofa a mharcáil in *Äußerung zum Thema* (a) agus (b) agus *Schriftliche Produktion* (a) agus (b)**

**Earráidí**: Cuir marc dearg orthu, cuir ciorcal thart ar earráidí atá ann arís agus arís, ná gearr pionós an athuair.

Cuir **T** agus ciorcal thart air i gcás earráidí in úsáid aimsire. *Groß*- agus *Kleinschreibung*: cuir líne faoin litir nach bhfuil scríofa i gceart. Cuir líne faoi earráidí eile, cuir líne dhúbailte faoi dhearmaid i bhfoircinn na mbriathra agus in ord na bhfocal. Scríobh W.O. san imeall ar chlé.

**N.B.** Más é 7 nó níos lú marc an ábhair sa *Schriftliche Produktion*, úsáid an scála laghdaithe (0-7) don chumas scríofa agus scríobh "Ex níos ísle" chun é sin a chur in iúl.

**Marcanna don chumas scríofa**

*Äußerung*
Nó *Schr. Prd.*
**Ex. níos ísle** *Schr. Prd.*
Má tá C≤7 **Scála Iomlán**

| **Iomlán = 7** | **Iomlán = 10** | **Cur Síos ar na Catagóirí** |
|---|---|---|
| **0 – 2** | **0 – 4** | *Stór focal an-neamhleor, focail Ghaeilge nó Bhéarla ann b'fhéidir agus cur isteach ó chomhréir na Gaeilge/an Bhéarla; ord na bhfocal, go háirithe suíomh na mbriathra, mícheart go han-mhinic; foirmeacha/aimsir na mbriathra mícheart go ginearálta.*<br><br>A lán dearmad sa litriú, drochearráidí gramadaí: na tuisil mícheart go ginearálta; fíorbheagán aontuithe atá ceart |
| **3 – 5** | **5 – 7** | *Úsáid an stóir focal measartha maith – imleor agus cuí go ginearálta, agus roinnt nathanna Gearmáinise, b'fhéidir. Gan ach corr-earráid in ord na bhfocal. Gan ach beagán earráidí i bhfoirmeacha/aimsir na mbriathra.*<br><br>Gan an iomarca dearmad litrithe ann. Gan ach beagán drochearráidí gramadaí/mionearráidí gramadaí go minic; tuisil, aontuithe, na foircinn i gceart níos minice ná a mhalairt, go háirithe sa chuid is airde den chatagóir. |
| **6 – 7** | **8 – 10** | *Úsáid an stóir focal go maith – saibhir, dúchasach agus cuí. Gan ach corr-earráid in ord na bhfocal. Foirmeacha/aimsir na mbriathra go maith.*<br><br>Is annamh a bhíonn botúin litrithe ann, an ghramadach ceart go ginearálta: Leibhéal maith cruinnis i dtuisil, foircinn na mbriathra agus aontuithe. |

**N.B.** Bíodh dearcadh iomlánaíoch agat ar an úsáid teanga (E = Cumas Scríofa) chun obair an iarrthóra a chur sa chatagóir is cuí.

**Socruithe Réasúnta:** Ina gcás siúd dar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú / gramadach, beidh an marc a bhronnfar laistigh de chatagóir bunaithe ar an stór focal, ar mhúnlú na n-aimsirí agus ar ghnéithe a bhaineann le hord na bhfocal amháin, agus <u>ní ar litriú agus ar ghramadach atá bainteach le litriú</u> amhail foircinn aidiachta etc.
**N.B.** Nuair a bhíonn obair na n-iarrthóirí a bhfuil tarscaoileadh litrithe agus gramadaí acu á marcáil, ná lean ach na tuairiscíní i gcló iodálach thuas. I gcás na n-iarrthóirí eile go léir tá feidhm ag na tuairiscíní go léir thuas.

**SCHRIFTLICHE PRODUKTION: 30 marc**
**(St. = 5, C = 15, Ex. = 10)**

**(a) Litir**
**St. (5)** *An chéad alt a chríochnú. Abairtí cuí a chur isteach.* **(5 × 1 mharc)**

- schreibst immer so witzig **(1)**
- Spaß gemacht hat **(1)**
- keinen Schüleraustausch **(1)**
- bin ich mit dem Abitur fertig **(1)**
- meine Freunde und ich **(1)**

Cuir an marc **St**. san imeall ar dheis, ag bun na litreach.

**C (15)** Corp na litreach … **15 mharc** mar a léirítear thíos.

**A. (4)** Abair go mbeidh tú ag eitilt **(A1**) as Baile Átha Cliath go Vín (Wien) **(A1) agus** tabhair sonraí mar gheall ar an eitilt atá curtha in áirithe agat (an aerlíne / an dáta / an t-am a thiocfaidh tú)
**N.B.: DHÁ cheann ar bith de na sonraí seo atá idir lúibíní le haghaidh A1 + A1**

**B. (3)** Inis do Stefan / Stefanie cé a bheidh ag teacht leat (beirt chairde / a n-ainmneacha / an aois atá acu ...) **DHÁ cheann ar bith de na sonraí seo atá idir lúibíní le haghaidh B1 + B1** agus déan cur síos ar a bpearsantacht (greannmhar / níl siad leadránach / ...) **(B1)** (*Ceadaigh sonraí ar chara amháin)*

**C. (2)** Mínigh an fáth ar cairde sibh (an rang céanna / an caitheamh aimsire céanna … / ina gcónaí gar duit...)
**N.B.: DHÁ cheann ar bith de na sonraí le haghaidh C1 + C1**

**D. (3)** Abair leis go bhfuil **(D1)** lóistín curtha in áirithe agat ar líne cheana féin (seomra Airbnb / i mbrú óige…) **(D1) agus**
déan cur síos ar an suíomh (i lár na cathrach / gar do …) **(D1)**

**E. (2)** Fiafraigh de Stefan / Stefanie an féidir leat cuairt a thabhairt air / uirthi **(E1) agus** fiafraigh de/di cad a d'fhéadfadh sibh a dhéanamh le chéile (dul ag breathnú ar na radhairc / ag siopadóireacht / go ceolchoirm …) **(E1)**

**Cl. (1)** Scríobh abairt oiriúnach mar chríoch

**Ex. (10)** Úsáid an ghreille ar leathanach 17 chun **an marc don chumas scríofa** i ndáil le **C (Ábhar)** a ríomh.

**Cuir St., C agus Ex. le chéile leis an iomlán a thabhairt.**

**(b) Scéal i bPictiúir**
**(St = 5, Ábhar = 15, Cumas Scríofa = 10)**

**St. (5)** An chéad alt a chríochnú / Abairtí cuí a chur isteach. **(5 × 1 mharc)**

- im Übergangsjahr **(1)**
- gern verbessern **(1)**
- trifft er **(1)**
- und Schülerinnen **(1)**
- beginnt um 8 Uhr (**1**)

Cuir an marc **St**. san imeall ar dheis, ag bun an scéil i bpictiúir.

**C (15)** (pictiúir **2 – 6**) ... **15 mharc** mar a léirítear thíos.

**Treoirlínte maidir le marcáil an ábhair:**
**(i) TRÍ phointe eolais ábhartha in aghaidh an phictiúir**
**(ii) Ní mór briathar a bheith i ngach pointe eolais**

**1.** Pictiúr 2: **trí** phointe eolais ábhartha: **3 × 1 mharc**
**2.** Pictiúr 3: **trí** phointe eolais ábhartha: **3 × 1 mharc**
**3.** Pictiúr 4: **trí** phointe eolais ábhartha: **3 × 1 mharc**
**4.** Pictiúr 5: **trí** phointe eolais ábhartha: **3 × 1 mharc**
**5.** Pictiúr 6: **trí** phointe eolais ábhartha: **3 × 1 mharc**

**Cuir an marc C. san imeall ar dheis, ag bun an scéil i bpictiúir**

**Ex. (10)** Úsáid an ghreille ar leathanach 17 leis an **marc don chumas scríofa** i ndáil le **C (Ábhar)** a ríomh.

**Cuir St., C agus Ex. le chéile leis an iomlán a thabhairt.**

Leathanach Bán

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 320 @ 5%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 320 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 5% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 240 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 246 | 11 |
| 247 - 253 | 10 |
| 254 - 260 | 9 |
| 261 - 266 | 8 |
| 267 - 273 | 7 |
| 274 - 280 | 6 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 286 | 5 |
| 287 - 293 | 4 |
| 294 - 300 | 3 |
| 301 - 306 | 2 |
| 307 - 313 | 1 |
| 314 - 320 | 0 |

## Teil 1

***(Gespräch mit Sven Asendorf)***

Moderatorin: In unserer Reihe “Helden im Alltag” unterhalten wir uns heute mit Herrn Asendorf, der mit regelmäßigen Blutspenden schon vielen Menschen das Leben gerettet hat. Herr Asendorf, sind Sie wirklich ein Held?

Asendorf: Nein, das kann man nicht sagen. Ich bin eigentlich ganz normal. Ich bin 54 Jahre alt. Ich wohne in der Nähe von München. Ich bin verheiratet und habe zwei Töchter. Ich arbeite in einer Fabrik, die Autoteile produziert.

Moderatorin: Sie haben in Ihrem Leben schon 200 Mal Blut gespendet und haben deshalb einen Preis vom Bayrischen Roten Kreuz erhalten. Warum machen Sie das?

---

Asendorf: Blut ist für viele Menschen überlebenswichtig. Natürlich wird ein großer Teil des gespendeten Bluts für Leute benötigt, die einen Unfall hatten. Aber auch vielen kranken Menschen helfen die Blutspenden. Eine Person mit chronischer Blutarmut z. B. braucht etwa alle drei Wochen neues Blut, um zu überleben. Das meiste Blut – etwa 19 Prozent – kommt übrigens bei der Krebstherapie zum Einsatz. Durchschnittlich jeder dritte Mensch braucht irgendwann in seinem Leben eine Blutspende, doch in Bayern spenden nur etwa 8 Prozent der Bevölkerung Blut.

Moderatorin: Wie viele Blutspenden braucht man denn im Jahr?

Asendorf: In Bayern allein werden täglich ungefähr 2.000 Blutspenden für kranke und verletzte Patienten benötigt, das macht 730.000 Blutspenden im Jahr. Ich persönlich spende so häufig wie möglich Blut, also bis zu sechsmal im Jahr.

---

Moderatorin: Was muss man beachten, wenn man Blut spenden will?

Asendorf: Man muss zum Zeitpunkt der Blutspende gesund sein und darf in den Wochen vor der Spende keine Operationen, Impfungen oder Auslandsaufenthalte in bestimmten Ländern gemacht haben. Am Tag der Spende soll man vorher ausreichend essen und vor allem viel Wasser trinken. Man muss ungefähr eine Stunde Zeit einplanen; die Spende selbst dauert etwa 10 Minuten. Anschließend ruht man sich etwas aus und isst und trinkt wieder viel Wasser, um den Flüssigkeitsverlust auszugleichen. Am Tag der Spende sollte man keinen Sport treiben.

---

Moderatorin: Wissen Sie, wo Ihr Blut zum Einsatz kommt?

Asendorf: Im Allgemeinen nicht, aber zu der Preisverleihung des Bayrischen Roten Kreuzes war ein besonderer Gast eingeladen. Der 26-jährige Felix Brunner, der nach einem schweren Unfall in den Bergen im Jahr 2009 rund 800 Blutkonserven erhielt und seither im Rollstuhl sitzt, ist jetzt Behindertensportler und Botschafter des Blutspendediensts. Als er sich bei uns Blutspendern bedankte und von seinem heutigen Leben erzählte, war ich sehr stolz.

Moderatorin: Herr Asendorf, wir danken Ihnen für das Gespräch und hoffen, dass sich zukünftig viele Leute für das Blutspenden entscheiden.

## Teil 2

***(Telefonanruf)***

A: Hansa-Schule, Sekretariat, Frau Willing, guten Tag.

B: Schumann hier, guten Tag. Kann ich bitte mit der Schulleitung sprechen?

A: Ach, Sie sind es, Herr Schumann! Tut mir leid, Frau Krause hat gerade einen Besucher. Worum geht es denn?

B: Frau Senniger und ich sind doch mit der zehnten Klasse auf Klassenfahrt nach Münster. Wir sind mit dem Bus unterwegs und ...

A: Ist etwas passiert?

B: Naja, jetzt ist wieder alles unter Kontrolle. Aber wir hatten ein Problem: zwei unserer Schüler hatten zu Hause Schnaps in Limonadenflaschen gefüllt und dann auf der Fahrt hinten im Bus den ganzen Alkohol getrunken. Sie waren völlig betrunken. Wir haben es erst bei unserer Pause in Lippstadt gemerkt.

A: Unsere Schüler machen Komatrinken?! Das darf doch nicht wahr sein!

B: Ja, es ging den beiden Jungen auch richtig schlecht – sie konnten weder aufstehen noch etwas sagen. Glücklicherweise besteht kein Grund zur Panik mehr. Es ist wieder alles in Ordnung.

A: Was haben Sie denn gemacht, Herr Schumann?

B: Wir haben natürlich sofort einen Krankenwagen gerufen. Der kam innerhalb von zehn Minuten und hat die Jungen ins Krankenhaus gebracht. Wir haben auch gleich die Eltern informiert, die jetzt auch auf dem Weg ins Krankenhaus sind. Die beiden Schüler müssen bis morgen dort bleiben. Aber wir brauchen uns keine Sorgen zu machen – es geht ihnen schon wieder besser.

A: Was für ein Glück, Herr Schumann. Ok, ich werde umgehend Frau Krause informieren, und sie ruft Sie so schnell wie möglich zurück. Das wird sicher Konsequenzen für die beiden haben!

B: Alles klar, vielen Dank. Ich bin auf meinem Handy erreichbar. Das ist die 0163–18 47 294.

A: Die 0163–18 47 294, Schumann, S-C-H-U-M-A-Doppel-N. Viel Spaß noch auf der Klassenfahrt!

**Teil 3**

***(Gespräch in der Kirche)***

Wilma: Alfred-Liebling, wo warst du denn gerade? Immer, wenn ich meinen Mann brauche, kann ich ihn nicht finden!

Alfred: Ich habe telefoniert. Unser Sohn Felix hat angerufen.

Wilma: Ach, wie gut. Hoffentlich kommt er bald mit den Blumen, damit wir die Kirche für die Hochzeit vorbereiten können. Sie soll so schön sein wie bei unserer Hochzeit!

Alfred: Hm, das ist ja gerade das Problem. Unser Sohn ist, wie immer, zu spät losgefahren, um den Hochzeitsstrauß und den Blumenschmuck aus dem Laden abzuholen. Und jetzt steht er im Stau – es hat auf der Autobahn einen Unfall gegeben.

Wilma: Ach nein, das ist ja ein Riesenschreck! Wie sollen wir denn da rechtzeitig fertig werden?! Jetzt ist es doch schon 12 Uhr, und die Hochzeit ist um 14 Uhr!

Alfred: Und er sagt, es dauert mindestens eine Stunde, bis er weiterfahren kann.

Wilma: Was sollen wir nur machen? Die Besucher sind bestimmt schon auf dem Weg, und wir haben keine Blumen! Das ist eine Tragödie!

Alfred: Übertreib doch nicht immer – so schlimm ist es doch nicht.

Wilma: Und ob das schlimm ist – eine Hochzeit ohne Blumen! – Ich hab's – Du musst sofort ein Taxi rufen und selbst zum Blumenladen fahren!

Alfred: Das habe ich schon versucht, aber die Taxis kommen auch nicht durch den Stau durch.

Wilma: Oh nein, jetzt sind wir wirklich verloren! Hast du denn keine Idee?!

Alfred: Doch, habe ich, das Problem ist schon lange gelöst. Ich habe nämlich inzwischen den Blumenladen angerufen, und sie bringen die Blumen ganz einfach. Vom Laden hierher sind es ja nur zehn Minuten auf der Landstraße, und sie liefern sogar kostenlos.

Wilma: Alfred-Schatz, Du hast wieder mal die Situation gerettet. Dann schaffen wir es doch noch, die Kirche fertigzuschmücken, bevor die Gäste kommen.

Alfred: Tja, Ende gut, alles gut.

## Teil 4

**Sprecher 1: Die Nachrichten. München.** Wer in den nächsten Tagen mit dem Zug, der S-Bahn oder der U-Bahn fahren möchte, wird Probleme bekommen. Grund dafür ist ein Streik der Lokomotivführer. Ab nächsten Dienstag hat die Gewerkschaft der Eisenbahner in Deutschland zu einem totalen Streik aufgerufen. Der Streik soll zwei Tage dauern. Die Lokführer wollen höhere Löhne und bessere Arbeitsbedingungen, aber die Deutsche Bahn bleibt hart. "Höhere Löhne bedeuten weniger Jobs", so ein Sprecher der Deutschen Bahn.

**Sprecher 2: Bochum**. Keine Energiegetränke für Kinder und Jugendliche. Das fordert die Organisation Foodwatch, die sich für gesunde Ernährung engagiert. Immer mehr Kinder und Jugendliche greifen zu Energydrinks, weil sie glauben, dass diese Getränke Müdigkeit vertreiben und fit machen. In der EU trinken etwa 70% der Jugendlichen regelmäßig diese Getränke. Foodwatch warnt aber davor, dass diese Getränke zuviel Koffein und Zucker enthalten, was zu Herzproblemen, Diabetes und Übergewicht führen kann. Foodwatch will deshalb ein Verbot von Energiegetränken für Jugendliche unter 18 Jahren.

**Sprecher 1: Zürich.** Die Kontroverse um die Kuhglocken in der Schweiz geht weiter. Tierschützerin Erika Schönbächler hatte eine Kampagne gestartet, weil die Glocken die Kühe angeblich quälen: sie seien zu laut. Frau Schönbächler behauptet, dass die Glocken für die Ohren der Kühe genauso laut wären wie ein startendes Flugzeug für Menschen. Die Bauern sind anderer Meinung und argumentieren, dass die Glocken aber die Herde zusammenhalten und helfen, die Kühe bei Nebel zu finden.

**Sprecher 2: Und nun zum Wetter.** Die Schönwetterperiode geht leider zu Ende. Morgen gegen Abend besonders in Alpennähe Regenschauer, die Temperaturen fallen auf 15 Grad. Die weiteren Aussichten: Ein atlantisches Tiefdruckgebiet bestimmt das Wetter auch in den nächsten Tagen. Stark bewölkt, dazu weht ein frischer Wind aus Nordwest.